Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 20

# Garda Síochána

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 maidir le tuarastail agus speansais An Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl; maidir le speansais áirithe finnéithe a íoc, agus maidir le deontas i gcabhair a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.8 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TE, agus i dtaca le troscán agus feisteas. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile

- Aerárthach: 5% in aghaidh na bliana
- Báid: 10% in aghaidh na bliana
- Feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Garda faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le cuntas leithghabhála Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

***Figiúirí comparáideacha***

Rinneadh na figiúirí comparáideacha le haghaidh 'An Banc agus airgead Tirim' (Nóta 2.4) don bhliain 2013 a athrangú agus a choigeartú chun iarmhéideanna cuntas bainc thráchtála a chur san áireamh i ndiaidh soiléiriú beartais.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag An Garda Síochána. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Choimisinéir Gníomhach An Gharda Síochána. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Garda Síochána agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Oifig Seirbhíse Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta an Vóta 24-Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus Vóta 18-Seirbhísí Roinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh don Garda Síochána
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Soláthair***

Cintíonn An Garda Síochána go bhfuil aird chuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta I bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte, seachas i gcás 85 conradh ar a raibh luach €11,080,896 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Bhí le háireamh sna ceithre chonradh déag ar luach €2,222,249 íocaíochtaí do sholáthróirí aonair agus seirbhísí a bhaineann le cúrsaí slándála. Ina theannta sin síneadh ceithre chonradh déag ar luach €1,757,810 thar an mbundáta conartha gan soláthar iomaíoch agus tá tairiscintí ar siúl i 2015 do na seirbhísí seo. Íocadh fiche conradh ar luach €2,184,434 i dtaca le seirbhísí leighis i gcomhréir le rátaí ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí gairmiúla agus tugadh faoi thairiscint iomaíoch. Sna 37 chás eile a bhfuil luach de €4,916,403, bhí socruithe tairisceana áitiúla i bhfeidhm i gcodarsnacht le treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe ar conradh curtha i bhfeidhm cheana féin ag An nGarda Síochána do roinnt de na soláthair seo agus tá siad ag déanamh beart le tairiscintí a chur i bhfeidhm do 2015 don chuid eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag An Garda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Garda Síochána i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Rioscaí suntasacha airgeadais**

***Córas próiseála muirear seasta***

Shainaithin tuarascálacha a bhain le hoibriú an Chórais Phróiseála Muirear Seasta a d’fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Cigireacht an Gharda Síochána laigí agus rioscaí suntasacha rialaithe maidir le fógraí muirear seasta a eisiúint agus a bhailiú.

Mar fhreagairt air sin, chuir an Garda Síochána liosta cuimsitheach de nósanna imeachta agus beartais rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm i Meitheamh 2014, lena n-áirítear údarás láraithe cealaithe d’fhógraí muirear seasta a thabhairt isteach.

D’fhoilsigh an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána tuarascáil in Eanáir 2015 a scrúdaigh cur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta leasaithe a cuireadh i bhfeidhm i Meitheamh 2014. Thug an tuarascáil chun solais feabhsú suntasach ar rialuithe inmheánacha agus ar chomhlíonadh gaolmhar beartas leasaithe agus sainaithníodh roinnt moltaí breise chun breis feabhais a chur ar an timpeallacht rialaithe.

Anuas air sin, tugann an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána agus Iniúchadh Inmheánach an Gharda Síochána faoi sheiceálacha rialta iniúchta chun comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta a chinntiú.

***Iniúchadh ar Shainaonad Náisiúnta de chuid an Gharda Síochána***

Tugadh faoi chomh-iniúchadh ag Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána agus ag an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána Sainaonaid Náisiúnta de chuid an Gharda Síochána le linn 2014 a d'aithin teipeanna rialaithe maidir le maoirseacht agus le húdarú éileamh chomh maith le bainistiú neamhláithreachtaí foirne.

Faoi láthair tá na teipeanna rialaithe a aithníodh faoi réir ag tuilleadh fiosruithe agus ag athbhreithniú leanúnach iniúchta. Tá gnáthaimh fheabhsaithe curtha i bhfeidhm ag bainistíocht an Gharda Síochána le haghaidh a thabhairt ar chinneadh an iniúchta.

**Nóirín Ní Shuilleabháin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

27 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 20 Garda Síochána

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Garda Síochána agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais* Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag An Garda Síochána. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2014.

***Teipeanna Rialaithe***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta freisin sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil fiosrú leanúnach ag dul ar aghaidh faoi theipeanna rialaithe i sainaonad náisiúnta de chuid an Gharda Síochána maidir le maoirseacht agus údarú éileamh le haghaidh íocaíochtaí agus le haghaidh bainistiú neamhláithreachtaí foirne.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Lúnasa 2015

# Vóta 20 Garda Síochána
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu. | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,343,618 | | | |
| | *Forlíontach* | 97,910 | | | |
| | | | 1,441,528 | 1,439,854 | 1,458,240 |
| | **Olliomlán** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,343,618 | | | |
| | *Forlíontach* | 97,910 | | | |
| | | | **1,441,528** | **1,439,854** | **1,458,240** |
| | *Bain de* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 104,130 | | | |
| | *Forlíontach* | 22,670 | | | |
| | | | **126,800** | **126,892** | **136,605** |
| | **Glaniomlán** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,239,488 | | | |
| | *Forlíontach* | 75,240 | | | |
| | | | **1,314,728** | **1,312,962** | **1,321,635** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,765,512 | 1,435,844 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 863,784 | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | 928,784 | 931,418 | 946,562 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,483 | | | |
| | *Forlíontach* | (518) | 13,965 | 13,940 | 14,463 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,706 | | | |
| | *Forlíontach* | (206) | 12,500 | 13,336 | 12,752 |
| iv | Seirbhísí poist agus teilechumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,647 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,047 | 42,694 | 41,259 | 42,356 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 19,212 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,538 | 25,750 | 25,830 | 20,693 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda | | | | |
| | *Bunaidh* | 721 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,719 | 2,440 | 2,901 | 1,919 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 261 | | | |
| | *Forlíontach* | (111) | 150 | 160 | 125 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,175 | 19,875 | 19,458 | 19,540 |
| ix | Cúltaca an Gharda | | | | |
| | *Bunaidh* | 895 | | | |
| | *Forlíontach* | 205 | 1,100 | 593 | 1,042 |
| *x* | *Uachtaránacht an AE/ OSCE* | | — | — | *3,607* |
| | | | 1,047,258 | 1,048,895 | 1,063,059 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráite as faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 390,959 | 395,181 |
| Pá[a] | | 931,418 | 949,419 |
| Caiteachas eile | | 117,477 | 113,640 |
| **Olliomlán** | | **1,439,854** | **1,458,240** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **126,892** | **136,605** |
| **Glaniomlán** | | **1,312,962** | **1,321,635** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid (nóta 1.2) | (17,195) | | |
| Dímheas | 12,091 | | |
| Fáltais ó dhiúscairtí | 35 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 201 | (4,868) | 1,409 |
| | | | |
| **Scócmhainní á bhfobairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (481) | (425) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe dúnta | (109) | | |
| Méadú ar stoc | (477) | | |
| | | (586) | (3,244) |
| **Caiteachas díreach** | | 1,307,027 | 1,319,375 |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 22,012 | 20,147 |
| **Costas glan clár** | | **1,329,039** | **1,339,522** |

[a] Áirítear san fhigiúr pá le haghaidh 2013 tuarastail le haghaidh Uachtaránacht an AE ar fiú €2,857,433 iad.

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | | — | 535 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 18,059 | 15,922 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 2,105 | 4,808 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 2,968 | — |
| *Lúide* | | | |
| Seirbhísí á soláthar ag An nGarda Síochána do Vótaí eile | m | (1,120) | (1,118) |
| | | **22,012** | **20,147** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

Cuireadh iompar Garda ar fáil gan táille do phearsanra Sheirbhís Príosúin na hÉireann le príosúnaigh a iompar chun na cúirte.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain An Gharda Síochána úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2014 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

**1.2 Costais Fhabhraithe**

San áireamh i gcostais fabhraithe 2014, a bhfuil luach de €11.83 milliún acu, tá suim ar luach €4.79 milliún i dtaca le huasghrádú Córais Fhaisnéise an Gharda Síochána a bhaineann le hascnamh Windows 7. Baineann seo le ceannach trí léasú agus suiteáil 7,027 ríomhaire deisce i 2014 faoi chreatchomhaontú de chuid an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar praghas seasta thar an tréimhse cúig bliana 2015 – 2019 mar chuid de chomhaontú léasaithe ar costas iomlán maoinithe de €417,951.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 43,218 | 33,672 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 3,582 | 3,101 |
| | | **46,800** | **36,773** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 16,947 | 25,735 |
| Stoic | 2.5 | 5,097 | 4,620 |
| Réamhíocaíochtaí | | 6,239 | 6,211 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,719 | 1,086 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 13,585 | 3,647 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 34 | (98) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **44,621** | **41,201** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 11,827 | 5,597 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 30,566 | 29,284 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **42,393** | **34,881** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,228** | **6,320** |
| **Glansócmhainní** | | **49,028** | **43,093** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **49,028** | **43,093** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 43,093 | 40,833 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,314,728 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,766) | | |
| Vóta glan | | | 1,312,962 | 1,321,635 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 22,012 | 20,147 |
| Costas glan clár | 1 | | (1,329,039) | (1,339,522) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **49,028** | **43,093** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Aerárthach | Bád mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus fearais | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollioncam** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 17,072 | 1,060 | 61,822 | 153,958 | 5,419 | 239,331 |
| Breiseanna | — | — | 12,104 | 9,434 | 335 | 21,873 |
| Diúscairtí | — | — | (8,016) | (2,141) | — | (10,157) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 17,072 | 1,060 | 65,910 | 161,251 | 5,754 | 251,047 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2014 | 10,076 | 805 | 48,253 | 143,470 | 3,055 | 205,659 |
| Dímheas don bhliain | 826 | 72 | 5,442 | 5,281 | 470 | 12,091 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (7,840) | (2,081) | — | (9,921) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2014 | 10,902 | 877 | 45,855 | 146,670 | 3,525 | 207,829 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2014** | **6,170** | **183** | **20,055** | **14,581** | **2,229** | **43,218** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2013** | **6,996** | **255** | **13,569** | **10,488** | **2,364** | **33,672** |

**2.3 Scócmhainní caipitil á bhfobairt**

| ag 31 Nollaig 2014 | Córas Tionscadail Schengen[a] | Tionscadal MIMS[b] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 2,676 | 425 | 3,101 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | — | 481 | 481 |
| Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní | — | — | — |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2014 | 2,676 | 906 | 3,582 |

[a] Forbraíodh Córas Faisnéise Schengen mar chuid de Choinbhinsiún Schengen a cheadaíonn teorainneacha inmheánacha a bhaint agus a sholáthraíonn comhoibriú méadaithe idir fórsaí póilíneachta na mballstát an AE. Níl aon chonradh sínithe i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh Chóras Faisnéise Schengen. Tá idirbheartaíochtaí conartha ar bun idir an rogha soláthróra agus An Garda Síochána. Tá costas measta €23.9 milliún ar an tionscadal agus ní eascróidh aon cheangaltas go dtí go ndéantar cinneadh chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

[b] Tacaíonn an Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe le haonaid speisialtóra laistigh den Gharda Síochána chun faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh. Tá costas measta €28.7 milliún ar thionscadal MIMS agus rinneadh an soláthróra a fhoinsiú tar éis comórtas tairisceana. Cuireadh tús le forbairt Chéim 2 in 2013 agus tá na céimeanna eile den tionscadal seo faoi réir fáil a bheith ar chistiú.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (2,807) | (2,307) |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (450) | (5) |
| Cuntais bhainc thráchtála | 20,204 | 28,047 |
| | 16,947 | 25,735 |

Léiríonn iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €15,355,000 i 2014 (2013: €23,667,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Stáiseanóireacht | 427 | 435 |
| Stoc theileachumarsáide | 877 | 1,034 |
| Éide | 2,051 | 1,586 |
| Biúró Teicniúil | 96 | 128 |
| Stoc na Naisiún Aontaithe | 76 | 68 |
| Armlann | 1,142 | 1,008 |
| Ilghnéitheach | 428 | 361 |
| | 5,097 | 4,620 |

| **2.6 Iarmhéideanna eile dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Airleacain chuig OOP | 2,368 | 2,368 |
| Óinchistí | 709 | 698 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 9,752 | — |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 548 | 393 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 208 | 188 |
| | 13,585 | 3,647 |

| **2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 13,937 | 13,683 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 5,665 | 5,441 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 546 | 301 |
| Cáin Bhreisluacha | 367 | 177 |
| Píonóis an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 207 | 410 |
| Cáin ar athchistithe de ranníocaíochtaí pinsin | 20 | 18 |
| Cáin Tógála | — | 6 |
| Cuntais na nGardaí | 4,849 | 4,380 |
| | 25,591 | 24,416 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 4,423 | 4,342 |
| Ciste luaíochta An Gharda Síochána | 330 | 324 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 222 | 202 |
| | 30,566 | 29,284 |

| **2.8 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,766 | 1,436 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,800) | (1,338) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (34) | 98 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 16,947 | 25,735 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 13,585 | 3,647 |
| | 30,532 | 29,382 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (25,591) | (24,416) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (4,975) | (4,868) |
| | (30,566) | (29,284) |
| | | |
| | (34) | 98 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na dtiomantas infhorghníomhaithe | 32,781 | 37,590 |

Baineann an ceangaltas i 2014, ar luach €30.5 milliún, le tionscadal ceamara sábháilteachta ar bhóithre GoSafe.

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Níorbh ann d’aon dliteanais aibithe neamhchomhlíonta ag deireadh na bliana 2014 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar don mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 863,784 | | | |
| | | *Forlíontach* | 65,000 | 928,784 | 931,418 | 946,562 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 106,625 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,849 | 118,474 | 117,477 | 116,497 |
| A.3 | Éadach agus oiriúintí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,764 | | | |
| | | *Forlíontach* | 736 | 3,500 | 4,014 | 3,889 |
| A.4 | Cumann Lia-chúnamh Naomh Pól an Gharda (deontas-i-gcabhair) | | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,516 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,554 | 32,070 | 31,150 | 33,582 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,957 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,693 | 29,650 | 29,606 | 28,970 |
| A.7 | Aerárthach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | 1,250 | 1,479 | 1,207 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | | 309,173 | 308,212 | 306,945 |
| A.9 | Costais fhinnéithe | | | 1,805 | 1,562 | 1,758 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,122) | 15,500 | 13,614 | 17,556 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | | 1,198 | 1,198 | 1,150 |
| | | | | 1,441,528 | 1,439,854 | 1,458,240 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.67 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Miniú |
|---|---|---|
| Riarachán - Pá | (2,634) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €65 milliún sa mheastachán forlíontach mar gheall ar thearc-chistiú sa soláthar bliantúil. |
| Riarachán - caiteachas eile | 997 | Méadaíodh leithdháileadh an meastachán bunaidh faoi €11.8 milliún sa mheastachán forlíontach mar gheall ar bhreis riachtanais chistithe i líon fotheideal, lena n-áirítear córas raidió TETRA, oibreacha cothabhála sláinte agus sábháilteachta, muirir mhéadaithe fóntais agus líon limistéir chaiteachais a bhí faoi stiúir éilimh. Soláthraíodh cistiú breise caipitil €3 milliún do thionscadail TFC, lena n-áirítear uasghrádú córais faisnéise. Tabhaíodh breis caiteachais maidir le glacadh le hearcaigh an Gharda Síochána ar an mbuiséad oiliúna. Rinne coigiltí buiséadta faoin bhfotheideal taisteal agus cothabháil, anuas ar choigiltí i bhfotheideal Chúltaca an Gharda Síochána i ndiaidh leasú a dhéanamh ar chóireáil cánach íocaíochtaí liúntais bliantúla an caiteachas foriomlán breise a sheach-chur go páirteach. |
| Éadach agus oiriúintí | (514) | Méadaíodh leithdháileadh an meatachán bunaidh faoi €736,000 sa mheastachán forlíontach. D'eascair na costais bhreise mar thoradh ar thabhairt isteach leanúnach córas aonfhoirmeach ordaithe ar líne i rith na bliana ónar theastaigh leibhéal méadaithe stoic a choimeád, anuas ar riachtanais aonfhoirmeacha earcaigh nua an Gharda Síochána. |
| Iompar | 920 | Méadaíodh an meastachán bunaidh éad faoi €5.5 milliún, lenar áiríodh liúntas breise caipitil €7 milliún chun feithiclí nua a cheannach, a sheach-chuir coigiltí €1.5 milliún a baineadh amach ar chostais chothabhála agus reatha chabhlach an Gharda Síochána. |
| Cumarsáid agus trealamh eile | 44 | Mar gheall nach bhfuil aon fhoráil mheastachán ann don chonradh Ceamara Slándála, teastaíonn meastachán forlíontach gach bliain chun an caiteachas a sheac-chur ar an gconradh GoSafe. Cuirtear na fáltais ón gcóras próiseála muirear seasta i gcuntas sna leithreasaí i gcabhair. |
| Aerárthach | (229) | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €200,000 sa mheastachán forlíontach chun cistiú a sholáthar d'oibreacha breise cothabhála le haghaidh aerárthaí an Gharda Síochána. |
| Costais fhinnéithe | 243 | D'eascair na coigiltí mar gheall ar laghdú a tháinig ar éileamh oibríochtúil agus ar líon tionscnaimh choigilte costais faoinar tugadh. |
| Cúiteamh | 1,886 | Laghdaíodh an bunbhuiséad faoi €1.1 milliún sa mheastachán forlíontach. D'eascair an coigilteas mar gheall ar níos lú socruithe móra aonair, agus na costais a ghabhann leo, a bheith ann ná mar a measadh an chéaduair. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ranníocaíochtaí do scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 12,906 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (306) | 12,600 | 12,677 | 13,247 |
| 2. | Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin an Gharda Síochána | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 22,229 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 71 | 22,300 | 22,376 | 22,489 |
| 3. | Fáltais Ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,400 | 11,400 | 12,143 | 10,806 |
| 4. | Fáltais ó bhainc i leith seirbhísí tionlacain airgid | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 450 | 1,450 | 489 | 2,599 |
| 5. | Táillí na nArm Tine | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,600 | 3,600 | 3,697 | 10,755 |
| 6. | Ceamaraí sábháilteachta - admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 100 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 17,100 | 17,200 | 16,761 | 14,760 |
| 7. | Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 55,895 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 2,355 | 58,250 | 58,749 | 61,949 |
| | | | 126,800 | 126,892 | 136,605 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh éagsúil leis an tsuim a réamh-mheasadh de níos mó ná €100,000, agus le breis is 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais Ilghnéitheacha | (743) | Bhí na fáltais do sheirbhísí nár bhain le dualgais phoiblí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar thráthúlacht an airgid a fuarthas. Ina theannta sin, gineadh fáltais a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ó tháillí Alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain airgid | 961 | Cé gur méadaíodh an bunmheastachán faoi €450,000, d'eascair easnamh sna fáltais mar gheall ar mhoill a bhí ann maidir le híocaíocht a fháil ó Chónaidhm na mBaincéirí Éireannach do choimhdeachtaí airgid thirim a soláthraíodh ag an nGarda Síochána. |
| Táillí na nArm Tine | (97) | Méadaíodh an bunmheastachán faoi €1.6 milliún trí mheastachán forlíontach. D'eascair na fáltais bhreise ó líon ní ba mhó d'iarratais ar cheadúnais airm thine ná mar a rabhthas ag súil leis faoin gcóras ceadúnaithe trí bliana. |
| Ceamaraí sábháilteachta - admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | 439 | Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €17.1 milliún trí mheastachán forlíontach. Teastaíonn seo gach bliain chun costas an chonartha ceamara slándála GoSafe a chistiú ó fháltais ón gcóras fógraí muirear seasta. Áirítear suim ainmniúil €100,000 sa bhunliúntas meastacháin. |
| Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | (499) | Méadaíodh an bunmheastachán faoi €2.4 milliún. Bhí líon na ndaoine a chuaigh ar scor níos lú ná mar a measadh an chéaduair, agus dá bharr sin bhí líon na ndaoine a bhí ag feidhmiú níos airde ná mar a measadh sa mheastachán forlíontach. |

**4.2 Anailís Fháltas Ilghnéitheach**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgas neamh-phoiblí soláthraithe ag Gardaí | 4,457 | 2,870 |
| Athghabháil maidir le damáiste d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda | 98 | 129 |
| Fáltais ó fheithiclí úsáidte, seanstórais, maoin forghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 1,170 | 1,437 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus thimpistí | 778 | 709 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 52 | 52 |
| Costais fhinnéithe a athghabháil | 9 | 8 |
| Tuarastail a athghabháil | 3 | 1 |
| Céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais do phréimheanna árachais a bhailiú | 88 | 54 |
| Taillí ceadúnais tascaí | 159 | 144 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - táillí Alt 41(táillí do choinneáil, do bhaint agus do stóráil fheithiclí) | 2,249 | 2,094 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 41 | 41 |
| Crainn an Gharda | 1,082 | 1,083 |
| Dliteanas iompróra | 357 | 549 |
| Cártaí aoise | 283 | 258 |
| Míreanna neamhrangaithe | 1,317 | 1,377 |
| | 12,143 | 10,806 |

**4.3 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 410 | 920 |
| Fáltais ó fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 3,673 | 3,927 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (3,876) | (4,437) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2014 | 207 | 410 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | | |
| Baill an Gharda | 12,799 | 13,093 |
| Gardaí Mac Léinn | 200 | — |
| Sibhialtaigh | 2,054 | 2,071 |
| | 15,053 | 15,164 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 634,793 | 641,619 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 231 | 321 |
| Liúntais eile | 196,179 | 198,509 |
| Ragobair | 37,700 | 46,486 |
| ÁSPC an Fhostóra | 62,515 | 62,484 |
| **Pá iomlán** | **931,418** | **949,419** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta 2014 € | Uasíocaíocht aonair uasta 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 174 | — | 8,999 | 11,482 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 11,910 | 851 | 43,564 | 45,432 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 12,975 | 6,840 | 28,282 | 23,810 |
| Ilghnéitheach | 13,171 | 643 | 73,998 | 72,806 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Ciste luaíochta An Gharda Síochána**

Is é cuspóir an Chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil do sheirbhísí séiplíneachta Garda ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha Garda.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir | 373 | 345 |
| Fáltais don bhliain dar críoch 31 Nollaig | 56 | 71 |
| | 429 | 416 |
| Níos lú íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig | (50) | (43) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 379 | 373 |

**5.3 Ró-Íocaíochtaí Párolla**

B'ionann iarmhéid na ró-íocaíochtaí párolla a bhí gan íoc ag deireadh na bliana agus €733,598 (2013: €576,594)

Ba é luach iarmhéid ró-íocaíochtaí pinsin an Gharda Síochána a bhí gan íoc ag deireadh na bliana ná €433,168 (2013 - €386,543).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do na Cumainn Ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 atá suim iomlán de €323,077 i dtaca le luach saothair do bhaill an Gharda Shíochána ar saoire speisialta le pá do chomhlachais ionadaíocha foirne agus atá sannta d'eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais de €58,000 an ceann do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus do Chumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna de €43,521 agus €140,252 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa shóisialaigh leas astu.

### 6.2 Maoiniú ón AE

Fuair an Garda Siochana iomlán de €169,921 go díreach i bhfoirm maoiniú ón AE daoi Theideal IV Chonradh an Aontais Eorpaigh. Baineann an tsuim seo le tionscadal trí Líonra Chumann na gCuntasóirí Dlí-Eolaíochta Forfheidhmithe Dlí a lorgaíonn chun modheolaíochtaí, teicnící agus oiliúint choiteann a bhunú i limistéar na custasaíochta dlí-eolaíochta i bhforfheidhmiú dlí laistigh de bhallstáit an AE.

### 6.3 Nithe a Díscríobhadh

Fuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le méid iomlán de €25,279 a dhíscríobh i 2014 i dtaca le ró-íocaíocht bhaill shibhialtaigh.

### 6.4 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí Garda, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 613 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána i 2014 (2013: 598). Ba ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €330,953. Aisghabhadh cúiteamh iomlán de €89,913.

| **6.5 Calaois agus Calaois Amhrasta** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Míleithreasú líomhnaithe airgid | 50 | 12 |

Tharla 34 chás inar aimsíodh nó inar líomhnaíodh caimiléireacht i 2014, cásanna atá á bhfiosrú ag an nGarda Síochána faoi láthair (2013: 6).

**6.6 Cúiteamh agus Costais Dlíthiúla**

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dhlíthiúla agus duaiseanna cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dhámh | Costais dlíthiúla bronnadh | Costais Eile bronnadh[a] | 2014 Iomlán | 2013 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána[b]** | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) 1941-1945 | 159 | 4,089 | 2,230 | — | 6,319 | 8,404 |
| Éilimh ag baill de chuid an Gharda trí mheán na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas | 41[c] | 290 | 177 | 30 | 497 | 422 |
| Caingean dlí a rinneadh ag baill den Gharda agus é á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais | 8 | 150 | 441 | — | 591 | 875 |
| Ranníocaíochtaí ex-gratia i leith chostais dhlíthiúla an Gharda faoi Alt 49 den Acht Garda Síochána 2005 | — | — | — | — | — | 1 |
| **Éilimh shibhialta ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha déanta ag Gardaí agus iad ag cur a gcuid dualgas i bhfeidhm | 205[c] | 948 | 2,889 | 33 | 3,870 | 4,430 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda san áireamh) a d’eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach | 177[c] | 1,308 | 819 | 81 | 2,208 | 3,293 |

Ag 31 Nollaig 2014

- bhí 1,131 éileamh gan íoc faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) (2013: 1,119).
- bhí 186 éileamh sibhialta gan íoc a bhain le timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach (2013: 237).
- 926 éileamh sibhialta gan íoc, gan cinn ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach a chur san áireamh (2013: 1,018).

[a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora, táillí leighis, srl.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €108,503 (2013: €103,448) de bhun na Scéime Sochair Dhíobhálacha Gairme a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní áirítear na híocaíochtaí seo sa tábla thuas.

[c] Is féidir go mbeidh mar chuid díobh seo páirtíocaíochtaí thar thréimhse de bhlianta do chásanna aonair.

B’ionann na táillí dlí in 2014 agus €21,000 (2013: €28,000).